AN FIADHÚLRA
eolas ar an gcomhshaol

www.enfo.ie

Coillte Beaga a Bhainistiú

Is féidir sochair éagsúla a fháil ach coillearnacha leathanduilleacha a bhainistiú go maith, agus áirítear na nithe seo a leanas ar na sochair sin: adhmad nó connadh (*firewood)* a tháirgtear le díol nó le haghaidh úsáide tí; foscadh le haghaidh stoic agus barra; ainmhithe géime agus fiadhúlra a chaomhnú; agus tírdhreach mar shaoráid. Tugtar comhairle sa bhileog seo maidir leis na nithe seo thíos chun cabhrú le sochair den sórt sin a bhaint amach ó choillearnacha agus le cuid thábhachtach d'oidhreacht ár radhairc tíre a chosaint.

- ***conas measúnacht fhoriomlán a dhéanamh ar choillte roimh chinneadh a dhéanamh ina dtaobh***
- ***conas coillte a athchóiriú***
- ***fómhar coillte a bhaint agus coillte a mhargú***
- ***foinsí cúnaimh deontais agus comhairle bhreise.***

Gné shainiúil de cheantair thuaithe na hÉireann is ea coillearnacha leathanduilleacha duillsilteacha agus is gnáthóg bhunriachtanach don fhiadhúlra iad. Cé nach bhfuil siad ach ar 1.2% den tír, tá breis is an cúigiú cuid dár limistéir atá inspéise ó thaobh na heolaíochta sna coillearnacha seo. D'fhéadfadh na coillearnacha a bheith i mbaol anois: tá breis is 60% os cionn 80 bliain d'aois, tá go leor ligthe chun báin agus is fíorbheag obair atá á déanamh chun athchrainn a chur.

Measúnacht ar an gCoillearnach

Is fearr coillte beaga leathanduilleacha a mheas mar chás ar leith, difriúil leis an bhforaoiseacht tráchtála ar mhórscála.

Chun coillte beaga a bhainistiú go héifeachtach, bíonn cinneadh le déanamh maidir le feidhm na coille – d'fhéadfadh sí bheith le haghaidh adhmaid, foscaidh nó le hainmhithe géime agus an fiadhúlra a chaomhnú – agus bíonn an plean is oiriúnaí le ceapadh ansin. Cuimseofar na gníomhaíochtaí seo a leanas má táthar le coillte a bhainistiú go héifeachtach:

- ***limistéir shonracha a athbheochan nó athchrainn a chur sna limistéir sin***
- ***na crainn chearta a roghnú agus oibriú go mbeidh siad suite daingean***
- ***na crainn atá ag fás a bhainistiú***
- ***an fómhar adhmaid a bhaint agus a mhargú.***

Sula ndéanfar aon chinneadh maidir le bainistíocht, ba chóir do dhuine bheith ar an eolas go maith faoi riocht na coillearnaí agus faoin mbail atá uirthi. D'fhéadfadh roinnt coillte bheith ina gconamar spéisiúil d'fhoraois ársa nó ina n-údar spéis ar leith ó thaobh an fhiadhúlra a bhaineann leo. Liostóidh an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra aon choillte ar údar spéis ar leith iad ó thaobh cúrsaí caomhnúcháin i bhFardal na Limistéar Oidhreachta Náisiúnta. Sa chás seo, lorg comhairle ón tSeirbhís Páirceanna agus Fiadhúlra, ó an Taisce, ó Chairde Éanlaith Éireann nó ó Chónaidhm Fhiadhúlra na hÉireann leis an bhfoirm bhainistíochta is fearr a fháil amach. Tá go leor rosán *(copses)* beaga scaipthe ann nach mbeadh oiriúnach le haghaidh adhmad a tháirgeadh b'fhéidir, ach a d'fhéadfadh a bheith tábhachtach maidir le hainmhithe géime agus fiadhúlra. Tabharfaidh aois na gcrann sa choill leid faoin gcinéal bainistíocht atá le tabhairt faoi. Seachain nach mbainfidh tú amach aon scrobarnach atá ann cheana féin agus atá déanta de speicis chrann dúchasach.

raph, 6th
. Bullet
not italics,
column,
rdcopy), no

page, 3rd
same for
ph, 2nd

ragraph,
ish in italics
h info over

Seanchoillte agus coillte aibí

Is gnách nach mbíonn ag teastáil ach cuid de na crainn a bhaint amach ionas go bhfágfar dóthain slí ann go gcoinneoidh crainn eile orthu ag fás. Is é an aidhm ba chóir a bheith ag duine ná roinnt seanchrann a fhágáil ina seasamh mar ghnáthóga d'ulchabhán agus ialtóga *(bats)*. Soláthróidh an chuid atá fágtha ioncam úsáideach ó adhmad agus ó chonnadh. Is féidir coillte atá ró-aibí a athnuachan trí athchrainn a chur agus trí athghiniúint nádúrtha (féach thíos).

Coillte ina bhfuil crainn ar aoiseanna éagsúla

Beidh go leor coillte ann ina mbeidh meascán de chrainn ar aoiseanna difriúla. Ba chóir ligean do chrainn speiceas luachmhar atá fásta go maith leanúint leis an bhfás, amhail dair, fuinseog nó feá. Is féidir le duine crainn aibí nó iad siúd atá craptha nó a bhfuil éagruth orthu, a bhaint amach ionas go mbeidh níos mó solas agus slí ann do chrainn níos óige atá ag fás.

Coillearnacha a Athchóiriú

Crainn i gcoillte beaga (1,000 go dtí 2,000 méadar chearnacha) a leagan

Is féidir coillte beaga a athnuachan gan dul ar obair mhór leagtha crann. Sa chás gur gá crainn a leagan, is féidir grúpaí crann a leagan agus athchrainn a chur ina n-áit nó ligeann don athghiniúint tarlú go nádúrtha. Is féidir na 'grúpaí' seo crann a leagan ar thimthriall 5-10 mbliana, ionas gur feidir coill a athnuachan agus gan ach fíorbheagán difir a dhéanamh ar luach an tírdhreacha agus ar an bhfiadhúlra.

Athchrainn a chur i gcoillte beaga

Ná cuir athchrainn i gcoillte atá ann cheana féin ach sa chás go mbíonn trastomhas na bearna a bhfuil crainn le cur ann uair go leith chomh mór le trastomhas na gcrann thart ar an mbearna. Cuir grúpaí crann i lár na bearna mar a bhfaighidh siad an méid is mó solas agus seachain nach gcuirfidh tú crainn díreach faoi bhun crann atá ann cheana féin. Bain úsáid as scáthláin chrann (tiúbaí plaisteacha tréshoilseacha 1.5m ar a bhfad) mar chosaint ar choiníní agus ar ghiorriacha.

Athghiniúint nádúrtha

Má tá síológa crann atá teacht aníos cheana féin, is féidir borradh a chur futhu ach iad a chosaint le scáthláin chrann. Ní mór fiailí a ghlanadh amach. Ba chóir crainn óga a bhfuil an cruth agus an bhrí is fearr acu a roghnú. Ní éireoidh leis an athghiniúint nádúrtha ach sa chás go mbíonn crainn aibí ann ar féidir leo síolta a tháirgeadh agus mar a bhfuil sé cinnte go gcosnófar crainn ar ainmhithe atá ar féarach. Is féidir stoc maith ó phlandlanna a chur sa bhreis in éineacht le crainn a athghiníodh go nádúrtha.

Coill a thanú

Próiseas sciliúil is ea an obair a dhéantar le coill a thanú chun crainn mhaithe adhmaid a fháil, agus braitheann sé ar an speiceas. Sa chás go raibh athghiniúint mhaith nádúrtha ann, caithfear mothair *(thickets)* dhlútha de chrainn leathanduilleacha óga a laghdú ionas go mbeidh spás chomh mór le méadar go leith idir na crainn. Is feidir tuilleadh sonraí maidir le coillte a thanú a fháil in *Farm Woodland Practice* (féach Ábhair Thagartha).

Speiceas a roghnú

Is é an leid is fearr maidir leis an speiceas is cóir a roghnú ná féachaint cén speicis a bhfuil ag éirí go breá leo laistigh de nó cóngarach don choill. Bíonn rogha fhormhór na speiceas dúchasach agus nádúraithe in Éirinn, nó na speicis sin ar fad, ag duine i gcás ithreacha na n-ísealchríoch atá níos fearr. D'fhéadfadh an rogha a bheith teoranta don fheá, fhearnóg, sail agus roinnt speiceas buaircíneacha i gcás ithreacha nach bhfuil chomh maith céanna. Is féidir an learóg Eorpach nó hibrideach agus an péine Albanach a mheascadh le crainn leathanduilleacha ar roinnt de na hithreacha atá níos fearr agus bíonn siad go maith don fhiadhúlra freisin. Seachain nach gcuirfidh tú sprús Sitceach nó péine contórtach ina limistéir bheaga chun críocha tráchtála laistigh de choillte leathanduilleacha atá ann cheana féin.

Crainn a chur agus a fhágáil suite daingean*

Is fearr crainn leathanduilleacha a chur ó mhí na Samhna go dtí mí Mhárta agus na crainn óga ina gcodladh. Bíonn trasphlandálacha foraoise (0.5m ar airde) agus fuipeanna (gas singil chomh hard le 1m ar airde) oiriúnach lena gcur i gceantair thuaithe. Glan fásra, a bheadh in iomaíocht le síológa a athghiníodh go nádúrtha, amach ón limistéar díreach thart timpeall ar an gcrann óg ar an bpointe agus cosain é le scáthláin chrann. Ní mór gach coill a fhálú go leordhóthaineach chun iad a chosaint ar bheithigh

a bheadh ag teacht isteach. Níor chóir ligean d'ainmhithe dul ar foscadh i gcoillte beaga ar ór nó ar airgead toisc go n-íosfaidh beithigh, caora, gabhair, capaill agus fianna buinneáin agus stróicfidh siad an rúsc de na crainn óga agus maróidh siad iad. Bíonn scáthláin chrann fíor-riachtanach ar fad agus coiníní agus giorriacha go flúirseach. Fálú nach bhféadfaidh coiníní a shárú ab fhearr ar fad ach bíonn sé costasach. Féach Bileog Aicsin 11 Enfo, *Crainn a Chur Faoin Tuath* agus Bileog Aicsin 12, *Crainn a Chur.*

Deontais le haghaidh coillte leathanduilleacha

Bíonn dhá chineál deontas ar fáil ón tSeirbhís Foraoise le haghaidh na foraoiseachta príobháidí: dóibh siúd a bhfuil foraois nua á cur acu nó atá ag síneadh foraois atá ann cheana féin agus deontais le coillearnach atá ann cheana féin a athnuachan nó le hathchrainn a chur inti.

Bíonn deontas foraoisithe £2,000 ar fáil le crainn leathanduilleacha a chur ar thalamh atá feiliúnach do chrainn leathanduilleacha agus nár cuireadh foraois roimhe air.

Bíonn deontas foraoisithe £800 in aghaidh an heicteáir ar fáil le foraois atá ann cheana féin a athnuachan nó athchrainn a chur inti.

Bíonn deontais faoi réir ag coinníollacha áirithe. Téigh i dteagmháil leis an tSeirbhís Foraoise, Roinn Talmhaíochta, Bia agus Foraoiseachta, Lána Líosain, Baile Átha Cliath 2. Teil: 676 3636 le haghaidh eolais bhreise. Bíonn deontais ar fáil ón tSeirbhís Foraoise le haghaidh na foraoiseachta ar mhaithe le caitheamh aimsire freisin. Féach Bileog Aicsin uimh. 11 Enfo, *Crainn a Chur Faoin Tuath* nó téigh i dteagmháil leis an tSeirbhís Foraoise.

Tabharfaidh sainchomhairleoir foraoiseachta a bhfuil eolas maith aige nó aici faoi bhealaí le coillearnacha leathanduilleacha a bhainistiú, comhairle faoi phlean bainistíochta le haghaidh coill bheag.

Fómhar Coillte a Bhaint agus Coillte a Mhargú

Is féidir úsáid a bhaint as crainn as coillte beaga, a bhaintear in obair thanaithe, ar mhaithe le fálú, le connadh, agus le ceardaíocht adhmaid, ag brath ar cháilíocht agus ar líon an adhmaid a bhaintear.

Díoltar adhmad (agus é leagtha nó gan bhaint) le lucht muillte sábhadóireachta, le ceannaitheoirí speisialaithe amhail ceardaithe adhmaid, conraitheoirí fálaithe nó ceannaithe connaidh. Is féidir margaí a aimsiú de ghnáth don dair, fhuinseog, fheá, seiceamar, chrann gallchnó agus silíní. Tá formhór na leamhan aibí maraithe ag galair an leamhain Dhúitsigh, ach d'fhéadfadh luach a bheith ar adhmad na leamhan neamhbheo nár baineadh go fóill (faid dhíreacha 2.5m go dtí 3m is fearr). Bíonn éileamh de ghnáth ar learóg, ghiúis Dhúghlais agus phéine Albanach lena ngabhann ardcháilíocht.

Ní mór ceadúnas leagtha crann a fháil le crainn a leagan agus eisíonn Seirbhís Foraoise na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Foraoiseachta iad seo. Ní mór Fógra maidir le Crainn atáthar le Leagan a lóisteáil leis an stáisiún áitiúil Gardaí le cur isteach ar an gceadúnas sin.

Costais

Tabharfaidh conraitheoir foraoiseachta luachan ar na costais, agus na crainn, fálú agus saothar san áireamh. Tá roinnt bheag cuideachtaí ann a bhfuil sé de speisialtacht acu coillearnacha leathanduilleacha a chur agus a bhainistiú.

Comhairle

Is féidir comhairle mhargaíochta agus bhainistíochta agus eolas eile a fháil ó Chumann Saothróirí Adhmaid na hÉireann, 17 Sráid an Chaisleáin, Deilginis, Co. Bhaile Átha Cliath. Má mheastar gur fiú an choill a chaomhnú, féadfaidh tú dul i dteagmháil leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra freisin, 51 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2 nó leis an Maorseoir Fiadhúlra áitiúil. Is féidir comhairle a fháil maidir le cúrsaí caomhnúcháin trí An Taisce freisin, Halla an Táilliúra, An Lána Cúil, Baile Átha Cliath 8, ó Chónaidhm Fhiadhúlra na hÉireann, 132A Bóthar an Phoirt Thiar, Baile Átha Cliath 3 agus ó Chairde Éanlaith na hÉireann, 8 Ardán an Longfoirt, Baile na Manach, Co. Bhaile Átha Cliath.

Ábhair Thagartha

Farm Woodland Practice. Forestry Commission (Ríocht Aontaithe) Lámhleabhar Uimh. 3. 1988. HMSO Londain.

Eolas Breise

An tSeirbhís Foraoise, Roinn Talmhaíochta, Bia agus Foraoiseachta, Lána Líosain, Baile Átha Cliath 2. Teil. 01-676 3636.

Crann, Achadh an Mheasa, lámh leis an gCabhán, Co. Liatroma. Teil 078 36020

Small Woods Association, Redhouse Environmental and Training Centre, Mill Lane, Great Barr, Sandwell, B43 6ND, an Ríocht Aontaithe.

Téacs arna bhunú ar eolas arna sholáthar ag an tSeirbhís Foraoise agus ag David Hickle ó An Taisce.

Arna eisiúint ag:
ENFO - Seirbhís Eolais an Chomhshaoil
17 Sráid Naomh Aindrias,
Baile Átha Cliath 2, Éire

Teil: ***(01) 8883910***
Lóghlaoch: **1890 200191**
Faics: **(01) 888 3946**
r-phost: ***info@enfo.ie***
www.enfo.ie

Scríobh chuig nó tabhair cuairt ar ár nIonad ag an seoladh thuas nó féadfaidh tú na seastáin eolais ENFO ag Oifig d'Údaráis Áitiúil/Leabharlainne Contae a sheiceáil amach.

Seirbhís phoiblí saor in aisce is ea ENFO de chuid na Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

Arna phriontáil ar pháipéar athchúrsáilte